AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 2.10.2026
COM(2026) 525 final

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

maidir le cur chun feidhme na Saoráide Iasachta don Earnáil Phoiblí faoin Sásra um Aistriú Cóir in 2026, dá dtagraítear in Airteagal 16 de Rialachán (AE) 2021/1229

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

maidir le cur chun feidhme na Saoráide Iasachta don Earnáil Phoiblí faoin Sásra um Aistriú Cóir in 2026, dá dtagraítear in Airteagal 16 de Rialachán (AE) 2021/1229

1. RÉAMHRÁ, CUSPÓIR AGUS RAON FEIDHME NA TUARASCÁLA

In 2020, chruthaigh an Coimisiún Sásra um Aistriú Cóir mar chuid de Phlean Infheistíochta an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip[1], chun a áirithiú nach bhfágfar aon ghrúpa ná aon réigiún ar lár san aistriú chuig geilleagar aeráidneodrach. Is é príomhsprioc an tsásra tacaíocht a sholáthar do na réigiúin agus na daoine is mó a ndéantar difear dóibh agus cuidiú leo trí chostais shocheacnamaíocha an aistrithe a mhaolú. Tá trí cholún sa Sásra um Aistriú Cóir: (1) an Ciste um Aistriú Cóir, (2) scéim thiomnaithe um Aistriú Cóir faoin gClár InvestEU, agus (3) an tsaoráid iasachta don earnáil phoiblí (SIEP nó 'an tSaoráid').

Sa chúigiú tuarascáil bhliantúil seo[2] ar chur chun feidhme, a ullmhaíodh i gcomhréir le hAirteagal 16(3)[3] de Rialachán (AE) 2021/1229 [4] ('Rialachán SIEP'), dírítear ar an tríú colún. Is é is aidhm di faisnéis a chur ar fáil maidir leis an dul chun cinn atá déanta go dtí seo i gcur chun feidhme SIEP.

Tá an tuarascáil seo carnach ó thús chur chun feidhme SIEP go dtí an 19 Meitheamh 2026. Déanfar an chuid eile den bhliain 2026 a thuairisciú sa chéad tuarascáil eile i gcomhréir le hoibleagáidí tuairiscithe SIEP.

Cuirtear faisnéis ar fáil sa tuarascáil maidir le (i) torthaí an chéad ghlao ar thograí na Saoráide Iasachta don Earnáil Phoiblí, an chéad scoithdháta den dara glao ar thograí agus ionsú carnach iomlán an bhuiséid, (ii) cúnamh teicniúil, agus (iii) na chéad chéimeanna eile.

1.1. Creat dlíthiúil agus buiséadach na saoráide iasachta don earnáil phoiblí faoin Sásra um Aistriú Cóir

Bunaíodh SIEP le Rialachán (AE) 2021/1229 an 14 Iúil 2021.

Is é cuspóir ginearálta SIEP aghaidh a thabhairt ar dhúshláin thromchúiseacha shóisialta, eacnamaíocha agus chomhshaoil a eascraíonn as an aistriú i dtreo spriocanna an Aontais do 2030 maidir le haeráid agus fuinneamh agus as an gcuspóir Aontas aeráidneodrach a bheith ann faoi 2050 ar a dhéanaí, a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/1119[5], agus é sin a dhéanamh chun tairbhe chríocha an Aontais a aithnítear sna pleananna críochacha um aistriú cóir[6].

---

1 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún – *Sustainable Europe Investment Plan-European Green Deal Investment Plan* [Plean Infheistíochta don Eoraip – Plean Infheistíochta an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip] – COM(2020) 21 final, 14.1.2020.

2 Cuireadh an chéad tuarascáil cur chun feidhme faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle an 7 Feabhra 2023, an dara tuarascáil an 21 Samhain 2023, an tríú tuarascáil an 30 Meán Fómhair 2024, agus an ceathrú tuarascáil an 6 Deireadh Fómhair 2025.

3 De réir Airteagal 16(3) de Rialachán SIEP, '*faoin 31 Deireadh Fómhair gach bliain féilire, ag tosú le 2022, eiseoidh an Coimisiún tuairisc faoi chur chun feidhme na Saoráide. Sa tuairisc sin, cuirfear faisnéis ar fáil maidir le leibhéal chur chun feidhme na Saoráide i ndáil lena cuspóirí, lena coinníollacha agus lena táscairí feidhmíochta.*'

4 Rialachán (AE) 2021/1229 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Iúil 2021 maidir leis an tsaoráid iasachta don earnáil phoiblí faoin Sásra um Aistriú Cóir (IO L 274, 30.7.2021).

5 Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 ('An Dlí Aeráide Eorpach') (IO L 243, 9.7.2021).

6 Mar a shainítear in Airteagal 11 de Rialachán (AE) 2021/1056 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an Ciste um Aistriú Cóir (IO L 231, 30.6.2021).

Is é is cuspóir sonrach do SIEP infheistíocht na hearnála poiblí a ghiaráil lena dtugtar aghaidh ar riachtanais forbartha na gcríoch a shainaithnítear sna pleananna críochacha um aistriú cóir. Déanann sé amhlaidh trí mhaoiniú na dtionscadal nach ngineann sreabha leordhóthanacha ioncaim chun a gcuid costas infheistíochta a chumhdach a éascú, agus ar an gcaoi sin an plódú as tacaíocht agus infheistíocht féideartha ó acmhainní malartacha a sheachaint.

Tá tacaíocht ar fáil do réimse leathan infheistíochta. Is féidir le SIEP tacú le hinfheistíocht san fhuinneamh in-athnuaite agus sa tsoghluaisteacht ghlas agus inbhuanaithe, hidrigin ghlas a chur chun cinn, líonraí téimh ceantair éifeachtúla, taighde poiblí, digitiú, bonneagar comhshaoil le haghaidh bainistiú cliste dramhaíola agus uisce agus tionscnaimh sláinte poiblí.

Is féidir le SIEP tacú freisin le bearta inbhuanaithe fuinnimh, éifeachtúlachta fuinnimh agus comhtháthaithe, lena n-áirítear athchóirithe agus tiontuithe ar fhoirgnimh, athnuachan uirbeach agus athghiniúint uirbeach, an t-aistriú chuig geilleagar ciorclach, athchóiriú agus dí-éilliú talún agus éiceachórais, agus an prionsabal ‘costas an truaillithe ar an truaillitheoir’ á chur san áireamh, bithéagsúlacht, chomh maith le huas-sciliú agus athsciliú, oiliúint agus bonneagar sóisialta, lena n-áirítear saoráidí cúraim agus tithíocht shóisialta[7].

Le Rialachán SIEP soláthraítear buiséad uasta iomlán EUR 1,525 billiún i dtacaíocht ón Aontas le haghaidh chomhpháirt deontais SIEP (lena n-áirítear cúnamh teicniúil agus tacaíocht chomhairleach). Laghdaíodh an buiséad iomlán sin faoi EUR 150 milliún in 2024 mar thoradh ar an athbhreithniú ar Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) 2021-2027 agus faoi EUR 175 mhilliún in 2025 tar éis ghlacadh Rialachán Omnibus (AE) 2025/2005[8] arb é is aidhm dó clár InvestEU a neartú. Tar éis na n-ath-imlonnuithe sin, is é EUR 1,2 billiún an buiséad uasta atá ar fáil do SIEP.

Faoi SIEP, déantar iasachtaí a sholáthraíonn an Banc Eorpach Infheistíochta (BEI) mar chomhpháirtí airgeadais a chomhcheangal le deontais a sholáthraíonn an tAontas chun tacú le tionscadail arna dtíolacadh ag comhlachtaí san earnáil phoiblí tar éis glao ar thograí. Cuirfidh BEI suas le EUR 6 mbilliún ar fáil do chomhpháirt iasachta SIEP. Cuireann BEI trí chineál iasachta ar fáil faoi SIEP: iasachtaí infheistíochta (tionscadail neamhspleácha arna maoiniú go díreach ag BEI), creatiasachtaí (ar a dtugtar scéimeanna iasachta freisin, lena maoinítear sraith tionscadal réamhchinntithe go díreach) agus iasachtaí idirghafa lena maoinítear tionscadail bheaga trí idirghabhálaithe airgeadais BEI.

Is i bhfoirm maoiniú nach bhfuil nasctha le costais atá an chomhpháirt deontais arna cur chun feidhme ag an nGníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol (CINEA) agus is mar chéatadán den iasacht a chinntear a méid. Is é atá sa chéatadán sin 15 %, nó 25 % má tá an tionscadal lonnaithe i réigiún nach bhfuil chomh forbartha céanna[9]. Dá bhrí sin, braitheann deonú deontais ar mhaoiniú formheasta ó BEI nó óna idirghabhálaithe airgeadais[10]. Leis an gcéad ghlao ar thograí, a d’fhan ar oscailt go dtí deireadh 2025, roinntear an buiséad atá ar fáil ina scaireanna náisiúnta, ar bhonn chóimheasa leithdháiltí an Chiste um Aistriú Cóir (‘CUAC’). Leis an dara glao ar thograí, a fhreastalaíonn ar an tréimhse 2026-2027, déantar aon leithdháileadh náisiúnta nár úsáideadh a chuachadh, gan scaireanna náisiúnta.

---

7 Féach Aithris (6) de Rialachán SIEP.

8 Rialachán (AE) 2025/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2025 lena leasaítear Rialacháin (AE) 2015/1017, (AE) 2021/523, (AE) 2021/695 agus (AE) 2021/1153 a mhéid a bhaineann le héifeachtúlacht ráthaíocht AE a mhéadú faoi Rialachán (AE) 2021/523 agus ceanglais tuairiscithe a shimpliú.

9 Féach Airteagal 11 de Rialachán SIEP.

10 Airteagal 18 de Shamhail-Chomhaontú Deontais an tSásra um Aistriú Cóir, atá ar fáil ar an tairseach Cistiú agus tairiscintí' (europa.eu).

2. CUR CHUN FEIDHME SIEP

2.1. Torthaí an chéad ghlao ar thograí SIEP (2022-2025)

Faoin ghlao seo, a seoladh an 19 Iúil 2022, tíolacadh 73 thogra, ar dearbhaíodh 56 díobh a bheith incháilithe agus ar roghnaigh an coiste meastóireachta SIEP 45 díobh a chistiú. Taispeántar torthaí gach scoithdháta den ghlao in Iarscríbhinn 1. De réir na faisnéise a sholáthraítear sna comhaontuithe deontais agus sna hiarratais a roghnaítear le haghaidh cistiú dóibh siúd nár síníodh an comhaontú go fóill, deonóidh an Coimisiún méid measta EUR 482 mhilliún.


Ó mhí an Mheithimh 2026 ar aghaidh, síníodh 26 chomhaontú deontais tionscadail (féach tuilleadh sonraí i Roinn 2.4), a chomhfhreagraíonn do thart ar EUR 337,5 milliún i dtacaíocht ón Aontas faoi chomhpháirt deontais SIEP. Déantar na deontais sin a chomhcheangal le maoiniú arna sholáthar ag BEI, ar fiú thart ar EUR 1,9 billiún in iasachtaí é. Ina theannta sin, slógann na tionscadail dá dtugtar tacaíocht tuilleadh maoinithe ar leibhéal an tionscadail, lena n-áirítear ranníocaíocht ó acmhainní poiblí náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla agus, i gcás inarb infheidhme, ó fhoinsí príobháideacha maoinithe. Ar an iomlán, meastar go slógfaidh na hoibríochtaí sínithe infheistíocht ar mó í ná EUR 3,2 billiún.

Deimhnítear leis na torthaí sin, i gcomhréir le torthaí na meastóireachta eatramhaí[11], ról giarála na comhpháirte deontais laistigh den tSaoráid. Trí iasachtú BEI a chomhlánú, cuidíonn an tacaíocht deontais le hinfheistíocht ón earnáil phoiblí a dhéanamh inmharthana ó thaobh airgeadais de i gcríocha a chumhdaítear leis an gCiste agus rannchuidíonn sí le maoiniú breise ar leibhéal an tionscadail.

Leithdháileadh scaireanna náisiúnta don Bhulgáir, don Spáinn agus don Fhrainc go hiomlán, agus leithdháileadh scaireanna náisiúnta don tSualainn, don Chipir agus don tSeicia beagnach go hiomlán.

[11] An Coimisiún Eorpach, *Study to support the interim evaluation of the Public Sector Loan Facility (PSLF) – Final Report* [Staidéar chun tacú leis an meastóireacht eatramhach ar an tSaoráid Iasachta don Earnáil Phoiblí (PSLF) – Tuarascáil Chríochnaitheach], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, 2025. DOI: 10.2776/8746618.

Fíor 1 Scaireanna náisiúnta agus a dtomhaltas trí dheontais arna ndámhachtain nó faoi mheasúnú[12]



Ós rud é gur ionstraim nua a bhí in SIEP, bhí ról lárnach ag gníomhaíochtaí múscailte feasachta le linn chur chun feidhme an chéad ghlao. Sa chéad chéim, bhí an glacadh fós teoranta, rud a léiríonn úrnuacht na Saoráide, an chastacht a bhaineann le deontas ón Aontas a chomhcheangal le hiasachtú BEI i gcoibhneas le deontais thraidisiúnta an Aontais, agus acmhainneachtaí iasachtaíochta agus coinníollacha riaracháin éagsúla na dtairbhithe féideartha ó Bhallstát go chéile. Sainaithníodh na gnéithe sin freisin sa mheastóireacht eatramhach mar thosca a dhéanann difear do luas agus do dháileadh geografach an ghlactha faoin gcéad ghlao. Rinne an Coimisiún, i gcomhar le BEI, iarrachtaí cumarsáide spriocdhírithe chun infheictheacht a mhéadú, feabhas a chur ar thuiscint na bpáirtithe leasmhara ar an tSaoráid agus tacú le tairbhithe féideartha le linn an phróisis iarratais.

Chuathas i dteagmháil leis na Ballstáit uile agus cuireadh seisiúin faisnéise thiomnaithe ar fáil dóibh inar cuireadh príomhghnéithe SIEP agus an phróisis iarratais i láthair. Ina theannta sin, dhírigh iarrachtaí cumarsáide ar thairbhithe féideartha ar fud réimse leathan earnálacha a bhaineann le seirbhísí poiblí, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí rannpháirtíocht le comhlachais atá lonnaithe sa Bhruiséil agus le líonraí earnála.

Comhlánaíodh na gníomhaíochtaí sin le cumarsáid leanúnach trí imeachtaí, cruinnithe, foilseacháin, na meáin shóisialta agus ábhair spriocdhírithe, chomh maith le tacaíocht chomhairleach arna soláthar ag BEI, a rannchuidigh le píblíne tionscadal aibí a fhorbairt. Léirítear fianaise ar fheasacht mhéadaithe ní hamháin i nglacadh athraitheach na Saoráide, ach freisin i líon méadaitheach na dtionscnóirí tionscadail a théann i dteagmháil leis an gCoimisiún agus lena chomhpháirtithe chun treoir a lorg maidir le SIEP.

12 Is léiriú iad na leithdháiltí náisiúnta ar choigeartuithe tar éis athbhreithniú CAI 2021-2027. Léiríonn na méideanna atá ar fáil na buiséid náisiúnta atá fágtha, tar éis asbhaint na ndeontas a dámhadh nó a bhí á measúnú tráth a scríobhadh an tuarascáil seo.

Le himeacht ama, thacaigh na gníomhaíochtaí sin le píblíne níos láidre iarratas a fhorbairt i dtreo dheireadh an chéad ghlao agus i gcéim seolta an dara glao.

2.2. An dara glao ó SIEP

Seoladh an dara glao ar thograí ó SIEP i mí Dheireadh Fómhair 2025. Tá an glao oscailte do na Ballstáit uile ar bhonn iomaíoch, gan leithdháiltí náisiúnta réamh-leithdháilte, agus cumhdaítear 2026–2027 leis. Eagraíodh Lá Eolais an 14 Samhain 2025 tar éis sheoladh an ghlao.

Mheall a chéad scoithdháta, a socraíodh an 27 Eanáir 2026, ardleibhéal spéise. Thíolaic iarratasóirí ó 10 mBallstát 30 togra (DE, FR, CZ, CY, EL, ES, IE, IT, RO, SE), le hiarraidh charnach ar dheontas de EUR 1,24 billiún. Tar éis measúnú inghlacthachta agus incháilitheachta a dhéanamh ar na tograí sin, measadh go raibh 21 thogra inghlactha agus incháilithe. Is éard atá sna tograí sin, arna dtíolacadh ag iarratasóirí ó 6 Bhallstát (CY, CZ, EL, ES, FR, SE), ranníocaíocht iomlán iarrtha de thart ar EUR 783 mhilliún.

Rinne an Coimisiún meastóireacht theicniúil ar gach ceann de na 21 thogra inghlactha agus incháilithe. Astu sin, d'éirigh le 18 dtogra na tairseacha meastóireachta a bhaint amach, rud a chomhfhreagraíonn do mhéid iomlán deontais iarrtha de EUR 633 mhilliún. Níor roghnaíodh trí thogra, inar iarradh EUR 150 milliún san iomlán, mar gheall ar scóir neamhleora in aghaidh critéar dámhachtana amháin nó níos mó.

I gcomhréir leis na rialacha sa ghlao, rangaíodh tograí bunaithe ar a scóir mheastóireachta. I gcás ina raibh na scóir comhionann, tugadh tosaíocht, in ord íslitheach, (i) do thionscadail atá lonnaithe i réigiúin bheagfhorbartha, (ii) dóibh siúd a rannchuidíonn go díreach le spriocanna aeráide agus fuinnimh an Aontais, agus (iii) dóibh siúd a chuireann iarratasóirí a bhfuil pleananna dícharbónaithe seanbhunaithe acu chun cinn.

Beidh líon deiridh na dtograí a bheidh le cistiú, chomh maith leis na tograí sin a chuirfear ar an liosta ionadaithe, ag brath ar an mbuiséad a bheidh ar fáil, mar a shonraítear a thuilleadh i Roinn 2.3.

2.3. Cur chun feidhme carnach iomlán

Is mó méid iomlán an deontais arna iarraidh de EUR 633 mhilliún le haghaidh na dtograí rathúla faoin dara glao, ag an gcéim seo, ná an buiséad atá fágtha agus atá ar fáil tar éis an chéad ghlao (EUR 354,92 milliún). Beidh tomhaltas iarbhír an bhuiséid atá curtha in áirithe tar éis an chinnidh roghnúcháin ag brath ar roinnt tosca, lena n-áirítear méid iarbhír iasachtaí BEI a síníodh agus an t-ailíniú ar raon feidhme na dtograí a áirítear sna hiarratais ar dheontais.

Sa chomhthéacs sin, is féidir na chéad seacht dtionscadal ar an liosta rangaithe a chistiú cheana féin. Cuirfear an t-aon tionscadal déag eile arna roghnú ag an gCoiste Meastóireachta ar liosta ionadaithe, go dtí go mbeidh athshreabha CEIS ar fáil amach anseo.

Ina theannta sin, cinnfear na chéad spriocdhátaí tíolactha eile ar bhonn infhaighteacht athshreabha CEIS amach anseo.

2.4. Tionscadail arna maoiniú ag SIEP

Léiríonn na tionscadail a fhaigheann tacaíocht raon feidhme leathan na ngníomhaíochtaí incháilithe faoin Rialachán maidir leis an tSaoráid Iasachta don Earnáil Phoiblí agus tá siad ailínithe le cuspóirí an tSásra um Aistriú Cóir. Go háirithe, díríonn an infheistíocht ar an méid seo a leanas: soghluaisteacht inbhuanaithe, arb í an sciar is mó de dheontais shínithe (thart ar EUR 131,8 milliún), lena n-áirítear nuachóiriú iarnróid, síntí trambhealaigh agus córais iompair astaíochtaí nialasacha; éifeachtúlacht fuinnimh agus bonneagar fuinnimh, amhail líonraí téimh ceantair agus uasghráduithe ar chórais leictreachais; athnuachan agus athghiniúint uirbeach, lena n-áirítear nuachóiriú ar an mbonneagar poiblí; bonneagar sóisialta, amhail scoileanna, saoráidí cúraim sláinte agus tithíocht;

agus bonneagar bainistithe uisce agus dramhaíola. Tá liosta mionsonraithe de na tionscadail a maoiníodh go dtí seo le fáil in Iarscríbhinn 2.

Ag an gcéim seo, tá cúig thionscadal curtha chun feidhme go hiomlán cheana féin, lena soláthraítear samplaí nithiúla de sheachadadh tionscadal faoin tSaoráid. Áirítear orthu sin tionscadal soghluaisteachta uirbí inbhuanaithe amháin sa Fhrainc, chun líne trambhealaigh a leathnú, agus ceithre thionscadal sa tSeicia, lena gcumhdaítear nuachóiriú an bhonneagair iarnróid, athghiniúint uirbeach, feabhsuithe ar fheidhmíocht fuinnimh agus bonneagar sóisialta.

Maidir leis an gcineál iasachta a chomhfhreagraíonn do na 26 chomhaontú deontais sínithe, is iasachtaí infheistíochta neamhspleácha iad 21 de na tionscadail agus tá cúig thionscadal acu bunaithe ar scéim iasachta[13]. I mí an Mheithimh 2025, síníodh an chéad chomhaontú deontais a bhaineann le hiasacht idirghafa a sholáthair an Banc Forbartha Náisiúnta sa tSeicia ó acmhainní BEI.

Leis an Rialachán maidir le SIEP, ceanglaítear ar an gCoimisiún tuairisciú ar na Príomhtháscairí Feidhmíochta (PTFanna) seo a leanas: laghdú ar astaíochtaí CO2, líon na bpost a cruthaíodh, agus líon na ndaoine a sroicheadh. Ar bhonn faisnéis a thíolaic tairbhithe SIEP, 204 621 thona in aghaidh na bliana a mheastar a bheidh sna laghduithe ar astaíochtaí CO_2. Meastar go nginfidh na tionscadail a mhaoinítear leis an tsaoráid sin beagnach 11 577 bpost agus go rachaidh siad chun tairbhe do bhreis agus 7 milliún duine trí aghaidh a thabhairt ar riachtanais forbartha réigiúnacha. Tá cairt lena léirítear PTFanna comhiomlánaithe, arna struchtúrú de réir Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán SIEP, in Iarscríbhinn 3.

3. TACAÍOCHT CHOMHAIRLEACH

Tá seirbhísí Comhairleacha BEI ar fáil faoi Mhol Comhairleach InvestEU chun tionscadail incháilithe a ullmhú, a fhorbairt agus a chur chun feidhme[14]. Go dtí an 19 Meitheamh 2026, soláthraíodh cúnamh comhairleach, chun tacú le SIEP, do thairbhithe san Ostair, sa Bhulgáir, sa Chipir, sa tSeicia, sa Danmhairg, san Fhionlainn, sa Fhrainc, sa Ghearmáin, sa Ghréig, in Éirinn, sa Rómáin, sa Spáinn, sa tSlóvaic agus sa tSualainn[15] dar luach EUR 22,5 milliún. Tá liosta na sanntaí comhairleacha le fáil in Iarscríbhinn 4.

Tá raon feidhme ag tacaíocht sheirbhísí comhairleacha BEI agus cuirtear in oiriúint í do riachtanais shonracha tionscnóirí tionscadail aonair agus bhí idir threoraíocht fhoriomlán inti maidir le tionscadail oiriúnacha a shainaithint agus tacaíocht réamhtheachtach chun cláir infheistíochta a ullmhú, chomhairle maidir le forbairt tionscadal agus tacaíocht iarratais le haghaidh dheontais SIEP i gceist léi. Ina theannta sin, bhí BEI i mbun gníomhaíochtaí scaipthe, raoin feidhme agus scagtha chun tionscadail a shainaithint agus chun tacú leo, ar tionscadail iad a d'fhéadfadh tairbhiú de mhaoiniú faoi SIEP.

Chuir aonad comhairleach BEI borradh faoin éileamh ar thacaíocht ón tSaoráid Iasachta don Earnáil Phoiblí trí chúig shruth oibre:

i. **Tacaíocht chomhairleach dhíreach** a thabhairt do thionscnóirí aonair agus iasachtaithe iasachtaí infheistíochta neamhspleácha, trí raon leathan seirbhísí comhairleacha ar

[13] Chun amhras a sheachaint, caitear le tionscadail a fhaigheann maoiniú BEI faoi iasacht idirghafa mar thionscadail neamhspleácha..

[14] Féach tuilleadh sonraí i Roinn 2.1.4 den chéad tuarascáil ar chur chun feidhme SIEP agus i Roinn 2.2 den dara tuarascáil ar chur chun feidhme SIEP.

[15] Seoladh cuid de na gníomhaíochtaí comhairleacha sa Chipir, sa Ghréig agus sa Fhrainc sula raibh SIEP i bhfeidhm agus dá bhrí sin cistíodh iad ó fhoinsí eile, amhail an MCEI (an Ghréig) agus Ionú Beartais um Bonneagar Inbhuanaithe Mhol Comhairleach InvestEU (an Chipir agus an Fhrainc).

chéimeanna ullmhúcháin agus cur chun feidhme, lena n-áirítear cúnamh le hiarratais ar dheontais;

ii. **Tacaíocht fothaithe acmhainneachta** d'institiúidí neamhbhainc, a ghníomhaíonn de ghnáth mar chomhbhailitheoirí tionscadal beag, chun acmhainneacht riaracháin agus oibríochtúil a fhorbairt chun roinnt fothionscadal a scagadh, a roghnú, a chur in ord tosaíochta ar bhealach éifeachtach, faireachán a dhéanamh orthu nó chun iad a chomhordú ar bhealach eile;

iii. **Tacaíocht chomhairleach 'indíreach'** do thairbhithe deiridh iasachtaí idirghafa nó creatiasachtaí trí phacáistí tacaíochta caighdeánaithe ar a bhfuil measúnú déanta ar a raon feidhme chun feabhas a chur ar fhóntacht na dtograí agus ar chomhlíonadh na mbeartas iasachtaithe is infheidhme;

iv. **Aonad Comhairleach maidir le forbairt margaidh** ar leibhéal na mBallstát chun éileamh féideartha ar thacaíocht SIEP a shainaithint agus chun a shuí an bhfuil na táirgí airgeadais ó SIEP atá ar fáil oiriúnach;

v. **Scagadh, raon feidhme a mheas agus scaipeadh** chun úsáid na saoráide a chur chun cinn, chun tionscadail oiriúnacha a shainaithint agus tosaíocht a thabhairt dóibh agus chun treoraíocht fhoriomlán a thabhairt maidir le hiarratais ar dheontais SIEP.

Sa bhreis ar na seirbhísí a thairg BEI trí Mhol Comhairleach InvestEU, chuir an Coimisiún seirbhísí comhairleachta in úsáid arna iarraidh sin don tSeicia, don Ghréig agus don tSlóvaic, agus arb é is aidhm dóibh feasacht a mhúscailt faoi SIEP agus liostaí de thograí tionscadail a shainaithint agus a fhorbairt. Is é an Coimisiún a chuireann an cúnamh teicniúil ar fáil don tSeicia agus tugtar tacaíocht don tSlóvaic faoin Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil[16]. Soláthraítear réimse leathan seirbhísí faoin dá chonradh, lena n-áirítear feasacht a mhúscailt, slógadh tairbhithe féideartha i réigiúin an phlean críochaigh um aistriú cóir agus smaointe tionscadail a scagadh.

Tá an Ghréig ag baint tairbhe as tacaíocht níos leithne faoin Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil chun gach ceann de na trí cholún den Sásra um Aistriú Cóir a chur chun feidhme. D'iarr sí tacaíocht freisin faoi Réamhobair maidir leis an Ardán um Aistriú Cóir[17] chun tionscadail a shainaithint agus chun tograí tionscadail a ullmhú ina dhiaidh sin a bheadh le tíolacadh le haghaidh cistiú ó SIEP i réigiún na Peilipinéise.

Glacann an Coimisiún agus BEI páirt i bhfaireachán ar chur chun feidhme tascanna comhairliúcháin chun go mbeidh siad ag teacht lena ngníomhaíochtaí comhairleacha sna Ballstáit is tairbhithe a áirithiú.

4. NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE

Cinnfear na chéad spriocdhátaí tíolactha eile tar éis athshreabha CEIS a bheith ar fáil don tSaoráid.

5. CONCLÚIDÍ

Is ionstraim í an tsaoráid iasachta don earnáil phoiblí lena bhféachtar lena áirithiú go ndéanfar an t-aistriú chuig geilleagar aeráidneodrach ar bhealach atá cóir agus inbhuanaithe go sóisialta, i bhfianaise an phríomhróil atá ag an earnáil phoiblí chun aghaidh a thabhairt ar theipeanna margaidh.

16 Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil - Mar a oibríonn sé - Athchóirithe agus Infheistíochtaí - An Coimisiún Eorpach

17 Inforegio - an Ciste um Aistriú Cóir (europa.eu).

Seoladh an chéad agus an dara glao ar thograí SIEP, agus tá buiséad na Saoráide gar do bheith curtha chun feidhme ina iomláine, agus tá níos mó tionscadal féideartha á n-ullmhú. Ba cheart an éabhlóid sin a mheas freisin i bhfianaise na gceachtanna cur chun feidhme a sainaithníodh sa mheastóireacht eatramhach. Rinne úrnuacht na Saoráide, an chastacht a bhaineann le tacaíocht deontais ón Aontas a chomhcheangal le hiasachtú BEI i gcoibhneas le deontais neamhchumaiscthe ón Aontas, acmhainneachtaí éagsúla iasachtaíochta agus riaracháin ar fud na mBallstát agus tionscnóirí poiblí, agus infhaighteacht foinsí cistiúcháin eile difear don ghlacadh tosaigh. An tráth céanna, cuireadh i dtábhacht sa mheastóireacht go raibh coinne leis go dtacódh feasacht mhéadaithe, tacaíocht chomhairleach agus forbairt fhorásach píblíne tionscadal aibí le héileamh níos láidre le himeacht ama. Sa chomhthéacs sin, bhí ról tábhachtach ag seirbhísí comhairleacha maidir le cuidiú le tairbhithe féideartha tionscadail oiriúnacha a shainaithint, feabhas a chur ar aibíocht an tionscadail agus dul i ngleic le ceanglais na Saoráide.

Faoin 19 Meitheamh 2026, bhí 63 thogra tionscadail san iomlán roghnaithe ag coiste meastóireachta SIEP arb é atá iontu méid measta deontais de thart ar EUR 1,1 billiún agus méid iasachta comhfhreagrach de thart ar EUR 5,5 billiún. Síníodh 26 chomhaontú deontais ar an iomlán agus tá tús curtha le cur chun feidhme na dtionscadal comhfhreagrach.

Leanfaidh an Coimisiún, i gcomhar le BEI, de bheith ag obair chun acmhainneacht SIEP a uasmhéadú le linn an dara glao. Cinnfear an chéad spriocdháta tíolactha eile nuair a bheidh athshreabha CEIS ar fáil.